

Cuir eolas ar: An Puifín



I mBéarla: Puffin Ainm eolaíoch: *Fratercula arctica*

An raibh a fhios agat go bhfuil achar uiscí na hÉireann os cionn ocht n-uaire níos mó ná achar thalamh na hÉireann? Is iomaí fiadhúlra muirí atá san Aigéan Atlantach, i Muir Éireann, agus ar thránna, aillte agus oileáin na hÉireann. Inniu táimid chun eolas a chur ar cheann de na héin mhara is fearr linn - an Puifín!



Céard é féin?

Éan beag dubh agus bán is ea an puifín, a chaitheann an chuid is mó dá shaol ar muir, ach a thagann i dtír le pórú ar aillte agus oileáin chreagacha. Bíonn sé éasca é a fheiceáil toisc go bhfuil gob mór dearg agus gorm aige agus is mar gheall ar an ngob sin a thugtar “pearóid na farraige” nó “fear grinn na farraige” air uaireanta.



Cé chomh mór agus a bhíonn sé?

Bíonn sé beag. Bíonn an t-ainmhí fásta thart ar 20-25 ceintiméadar ar fad, agus réise sciathán (an fad ó bharr sciatháin amháin go barr an sciatháin eile) thart ar 50 ceintiméadar aige.

Cá mbíonn cónaí orthu?

Feictear puifíní ar chósta thiar na hÉireann den chuid is mó, chomh maith leis an Sailte Mór agus an Sailte Beag amach ó chósta Loch Garman, agus Reachrainn agus Inis Mac Neasáin amach ó Chontae Bhaile Átha Cliath.

Le linn shéasúr an ghoir, úsáideann puifíní a ngob agus a gcosa le poll neadaithe a thochailt sa talamh, áit a mbéarfaidh an t-éan mná ubh amháin.

Déanann an dá thuismitheoir gor ar an ubh ar a seal ar feadh thart ar 5-6

seachtaine go dtí go dtiocfaidh an t-éan óg amach. Is iondúil go bhfanann péirí pórúcháin le chéile bliain i ndiaidh bliana, agus tugann idir an t-éan fir agus an t-éan mná aire don éan óg, a dtugtar “sicín” air.



Céard a itheann sé?

Itheann puifíní éisc bheaga, ar nós scadán agus corra gainimh. Is féidir leo tumadh suas le 60 méadar (200 troigh) faoin uisce. Bíonn bua an tsnámha acu chomh maith, rud a dhéanann siad trína sciatháin a úsáid le hiad féin a bhrú tríd an uisce agus a gcosa a úsáid le stiúradh.





Fíric fhánach:
Is féidir le
puifíní a
sciatháin a
bhualadh 400
uair sa

Naisc:

Cliceáil ar an nasc thíos le breathnú ar fhíseán gairid ón [RSPB](https://player.vimeo.com/video/80364498) maidir le puifíní:

<https://player.vimeo.com/video/80364498>


Faigh tuilleadh eolais faoi phuifíní ag Nat Geo Kids:

<https://www.natgeokids.com/za/discover/animals/birds/puffin-facts/>

Do shealsa!

Faigh roinnt páipéar bán agus dathanna agus tarraing do phuifín féin. Seo a leanas roinnt rudaí le coinneáil i gcuimhne agus tú ag tarraingt:

- Cuimhnigh ar na dathanna atá ar an bpuifín...
- Cuimhnigh ar a ghob cruinn ildaite
- Cá bhfuil an puifín? Tarraing an t-oileán nó an aill ar a gcónaíonn sé. Céard eile a bhfeicfeá thart ar an áit sin?



Tráth na gCeist Tapa:

Bagairtí:

Is iad na príomhbhagairtí ar phuifíní ná laghdú ar líon na n-iasc, truailliú muirí de dheasca plaisteach agus creachadóirí, ar nós francach.

- Ainmnigh rud amháin a itheann an puifín.
- Cá ndéanann an puifín a nead?
- Cé mhéad uair is féidir le puifín a sciatháin a bhualadh sa nóiméad?
- Céard a thugtar ar phuifín óg?
- Ainmnigh áit amháin in Éirinn a bhféadfá puifín a fheiceáil.

Má tá tú i bponc, léigh an bhileog eolais arís.

